

Nuachtlitir Mhatamaitice SSM

Eagrán 1

Fáilte

Fáilte chuig an chéad eagrán de Nuachtlitir Mhatamaitice SSM. Sa bhliain acadúil 2018/2019, beifear ag tabhairt isteach [Sonraíocht na Matamaitice don tSraith Shóisearach](#) in bhur seomraí ranga. Tá [físeán](#) gairid ar fáil do mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí chun an tsonraíocht a chur i láthair. Breathnaigh ar www.jct.ie/maths áit a bhfaighidh tú príomhdhoiciméid a chabhróidh leat chun Sonraíocht na Matamaitice a chur i bhfeidhm.

D'iarr muid ar na Comhlaigh aiseolas a thabhairt dúinn ar an gcaoi a bhfuil an tsonraíocht á cur i bhfeidhm go socróimis conas is féidir tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí in 2018/19.



An Bhliain a chuaigh thart

An bhliain scoile seo caite, chuir Foireann Mhatamaitice SSM FGL 2017/18 ar fáil ar bhonn céimnithe. Le linn na bliana, chuir muid ar fáil, i gcnuasghrúpaí agus in Ionaid Oideachais, Eispéiris Ghairmiúla Foghlama do 2986 múinteoir. Chabhraigh muid freisin le breis is 300 múinteoir trínár Seimineáir Gréasáin

Seimineáir Ghréasáin

D'fhiosraigh an chéad seimineár gréasáin conas a chabhraíonn spíonadh amach na dtorthaí foghlama linn príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint. Pléadh forbairt na nAonad Foghlama agus comhoibriú idir mhúinteoirí freisin. Is féidir breathnú ar thaifead den seimineáir gréasáin ar an suíomh idirlín am ar bith. <https://www.jct.ie/maths/resources>. Tá dearadh an dara seimineár gréasáin idir lámha againn. Tuilleadh eolais ar fáil sna seachtainí amach romhainn.

STE(A)M


Ba bhreá le Foireann Mhatamaitice SSM go raibh siad rannpháirteach i dtionscnamh ETI(E)M Eolaíochta SSM anuraidh agus leanfaidh muid leis an rannpháirtíocht sna himeachtaí ETI(E)M i rith na bliana acadúla seo. Ag na himeachtaí FGL roghnacha seo, bíonn múinteoirí ag forbairt a gcumas i gcúrsaí réiteach fadhbanna agus i smaointeoireacht chriticiúil trí rannpháirtíocht in eispéiris foghlama ó thaithí gur féidir leo a úsáid sa seomra ranga.



Cinntigh go bhfuil do shonraí do FGL na bliana cláraithe ag do phríomhoide

Cabhrú le Foghlaim Scoláirí

Míníonn Creat na Sraithe Sóisearaí (2015) gur príomhghné den tSraith Shóisearach é an Measúnú Foirmitheach mar aon le Measúnú Suimitheach. Tá eolas ar struchtúr an mheasúnaithe i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí ar fáil [anseo](#).




Am Gairmiúil

Tugann [Ciorclán](#) 29/2017 mionsonraí ar an am gairmiúil (oiread le 22 uair) atá ar fáil do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí do 2017/2018 agus 2018/2019. Is am é seo a thugtar do mhúinteoirí chun cabhrú leo go speisialta an tSraith nua Sóisearach a chur i bhfeidhm i réimsí áirithe. Thiomsaigh muid liosta [moltaí](#) ar an gcaoi arbh fhéidir an t-am a úsáid

Tacaíocht le haghaidh múineadh trí mhéan na Gaeilge

Tá leagan Gaeilge ár suíomh beo anois.

Tá achmainní i nGaeilge ar fail [anseo](#).



Maths Counts


Reáchtáladh Maths Counts 2018 ar 11 agus 12 Bealtaine i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. D'fhreastail chóir a bheith cúig chéad duine chun obair Mhúinteoirí Mata na hÉireann a cheiliúradh, a bhí rannpháirteach i gclár Staidéar Ceachta an SFGM in 2017-18. Is féidir teacht ar leabharlann de mholtaí staidéar ceachta [anseo](#). Ag an imeacht freisin, bhí ceacht beo leis an saineolaí idirnáisiúnta, an tOllamh Wantanabe, ar Reiteach Fadhbanna agus focail clabhsúir ó Shane Flanagan, ceannaire Fhoireann Mhatamaitice SSM.

An Bhliain Amach Romhainn

Leanfaimid orainn ag tairiscint clár FGL 2017/2018 do mhúinteoirí i rith Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Cuirfead FGL ar fáil do 2018/19 ar bhonn náisiúnta ó 5 Samhain agus táimid ag súil go mór le bheith ag labhairt le múinteoirí Matamaitice ag na hócáidí sin. Is fiú athchlárú leis an liosta seachadta agus coimeád súil ar ár [leathanach idirlín](#) chun eolas a fháil faoi imeachtaí a bheidh ag teacht go luath. Ar a bhfuil d'acmhainní ar líne againn, áirítear na Príomhdhoiciméid, mionsonraí faoi acmhainní éagsúla ó na himeachtaí FGL go dtí seo, comhairle maidir le pleanáil, Matamaitic na Sraithe Sóisearaí a nascadh leis na CFL2na, measúnú agus eile. Tá na hacmhainní seo ann chun cabhrú le múinteoirí matamaitice an tsonraíocht nua a chur i bhfeidhm.

MathsFest 2018

Beidh MathsFest 2018 ar siúl in Óstán Castletroy Park, Luimneach ar 20 Deireadh Fómhair. Is é craobh an Chláir/Luimnigh d' IMTA (Cumann Mhúinteoirí Matamaitice na hÉireann) a bheidh á óstáil. Déanfaidh ceannaire Fhoireann Mhatamaitice SSM, Shane Flanagan, cur i láthair ar fhorbairtí i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí.

Lean sinn ar Twitter [@JCforTeachers](#) agus go díreach ar leasainm Fhoireann na Matamaitice féin [@JctMaths](#). 

Guímid gach rath oraibh sa bhliain amach romhainn agus táimid ag súil le bheith ag cabhrú libh chun an tsonraíocht nua a chur i bhfeidhm.

Beirigí bua,

Foireann Mhatamaitice SSM

